Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**16108/24**

**CULT 124**
**EDUC 440**
**AUDIO 111**
**SOC 862**
**EMPL 587**
**SUSTDEV 126**
**FIN 1065**
**PI 198**
**STATIS 127**
**RECH 514**
**GENDER 253**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le rochtain ar chultúr a fheabhsú agus a chothú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí thuasluaite ón gComhairle, a d'fhormheas an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an gcruinniú a bhí aici an 26 Samhain 2024.

Conclúidí ón gComhairle maidir le rochtain ar chultúr a fheabhsú agus a chothú

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á THABHAIRT DÁ HAIRE AICI:

1. Tá rochtain ar chultúr ar cheann de chearta bunúsacha an duine de bhun Airteagal 27 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, ina luaitear go bhfuil an ceart ag gach duine a bheith rannpháirteach i saol an chultúir gan bhac; is dlúthchuid den cheart chun bheith rannpháirteach i saol an chultúir iad na cearta a bhaineann leis an oidhreacht chultúrtha; agus tá sé de cheart ag leanaí páirt iomlán a ghlacadh i saol an chultúir agus na healaíne de bhun Airteagal 31 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh;

2. Comhshocrú na Náisiún Aontaithe don Todhchaí[1], lena n-athdhearbhaítear go n-áirítear cearta cultúrtha ar chearta an duine, agus lena n-aithnítear ról an chultúir maidir le comhtháthú sóisialta a chothú agus forbairt inbhuanaithe a éascú;

3. Is gá rochtain agus rannpháirtíocht chomhionann a áirithiú do chách sa chultúr i gcomhréir le hAirteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus le hAirteagail 21 agus 22 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;

4. Dearbhú MONDIACULT UNESCO 2022, ina leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé tacú le rochtain chuimsitheach ar chultúr agus ar rannpháirtíocht i saol an chultúir; Cairt Porto Santo 2021[2], ina moltar deireadh a chur le bacainní ar rochtain ar chultúr agus lena gcuirtear cuimsitheacht agus éagsúlacht chun cinn ó thaobh na rannpháirtíochta cultúrtha de; Dearbhú Cáceres 2023[3], ina luaitear gur cheart an cultúr a mheas mar leas poiblí bunriachtanach domhanda agus gur cheart é a chur ar an leibhéal beartais is airde;

[1] Glacadh Comhshocrú na Náisiún Aontaithe don Todhchaí ag Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe don Todhchaí (Nua-Eabhrac, an 22-23 Meán Fómhair 2024).

[2] Glacadh Cairt Porto Santo ag an gComhdháil a tionóladh an 27-28 Aibreán 2021 faoi Uachtaránacht na Portaingéile ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

[3] Dearbhú Cáceres ó Airí Cultúir an Aontais an 25-26 Meán Fómhair 2023 faoi Uachtaránacht na Spáinne ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

5. An ceart atá ag daoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh ar bhonn comhionann le daoine eile i saol an chultúir, i gcomhréir le hAirteagal 30 de Choinbhinsiún na Náisiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas agus le Straitéis an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021–2030, ról speisialta an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Ghradaim don Chathair is Inrochtana i dtaobh rochtain daoine faoi mhíchumas ar shochair agus ar sheirbhísí i réimse an chultúir a éascú;

6. An iarraidh ar an gCoimisiún agus ar Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, mar a leagtar amach i bPlean Oibre an Aontais don Chultúr 2023-2026 é[4], chun machnamh a dhéanamh ar chreat straitéiseach ar leibhéal an Aontais a mholadh don chultúr lena léireofar na treoirphrionsabail a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an bPlean Oibre agus darb aidhm dearcadh an bheartais cultúir agus buanna an chultúir a phríomhshruthú i mbeartais, i gcláir agus i dtionscnaimh ábhartha uile an Aontais.

7. An méadú atá ag teacht ar an aitheantas a thugtar do thábhacht na rannpháirtíochta cultúrtha do shláinte agus dea-bhail an duine, don chomhtháthú críochach agus sochaíoch agus do neartú an daonlathais, tábhacht ar leagadh béim uirthi sa réimse tosaíochta sin i bPlean Oibre an Aontais don Chultúr 2023–2026 dar teideal ‘Cultúr do na daoine: rannpháirtíocht chultúir agus ról an chultúir sa tsochaí a fheabhsú’ agus a léiríodh le torthaí na tuarascála ón gCoimisiún Eorpach dar teideal *Culture and democracy, the evidence* [Cultúr agus an daonlathas, an fhianaise] agus le CultureForHealth, tionscadal arna chistiú ag an Aontas[5];

8. Na hiarrachtaí[6] a rinne an tAontas Eorpach agus a Bhallstát le blianta beaga anuas rochtain agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúrtha a éascú agus feasacht a mhúscailt ina leith sin;

---

4 Rún 2022/C 466/01 ón gComhairle

5 https://www.cultureforhealth.eu/

6 Áirítear ar na hiarrachtaí sin Gradam an Aontais don Chathair is Inrochtana, an Lipéad Oidhreachta Eorpach, Lá na nÚdar Eorpach, an tionscnamh ‘Culture Moves Europe’, tionscnamh Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa, Duaiseanna Cultúir an Aontais agus, ar bhonn níos leithne, na tionscadail arna gcistiú faoi chlár Eoraip na Cruthaitheachta agus faoin gclár Fís Eorpach.

9. Na ceanglais inrochtaineachta a leagtar síos leis an Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta atá ábhartha do réimse an chultúir; an Treoir maidir le hinrochtaineacht suíomhanna gréasáin agus feidhmchláir mhóibíleacha comhlachtaí san earnáil phoiblí; an Treoir agus an Rialachán lena gcuirtear chun feidhme Conradh Marrakech maidir le rochtain daoine lagamhairc ar shaothair fhoilsithe; an leasú ar an Treoir maidir le Cáin Bhreisluacha (CBL), lena gceadaítear an ráta céanna CBL a chur i bhfeidhm maidir le ríomhfhoilseacháin agus foilseacháin chlóite a sholáthar, lena n-áirítear iad sin a thugann leabharlanna ar iasacht;

10. An moladh[7] ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa a glacadh in 2022, ina leagtar béim ar an ról ríthábhachtach atá ag institiúidí poiblí cultúir maidir le teagmháil a dhéanamh leis an bpobal i gcoitinne, lena n-áirítear daoine óga, agus maidir le rannpháirtíocht chultúrtha agus gníomhaíochtaí cultúrtha a fheabhsú, gan beann ar leibhéil ioncaim agus oideachais. Leagtar béim sa mholadh freisin ar an aitheantas is gá a thabhairt don mhéid a chuireann an cultúr leis an tsochaí dhaonlathach agus do thábhacht an chultúir, na hoidhreachta cultúrtha agus an tírdhreacha do thrí ghné na spriocanna forbartha inbhuanaithe ó thaobh fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na sochaithe de, chomh maith leis an ról ríthábhachtach atá acu maidir le geilleagar na cruthaitheachta agus tarraingteacht na gcríoch.

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT AICI:

11. Luach sainiúil an chultúir mar bhonn don chruthaitheacht agus don fhéinléiriú, chun tacú leis an tsláinte agus an dea-bhail mheabhrach, agus chun an cháilíocht saoil a fheabhsú. Cuireann an cultúr freisin leis an bhforbairt áitiúil agus réigiúnach, leis an nuálaíocht, leis an bhfiontraíocht tháirgiúil agus leis an bhforás eacnamaíoch trí chuidiú le daoine inniúlachtaí barrthábhachtacha a fháil, trí thacú leis an gcomhroinnt eolais, trí fhéinmhuinín a chothú agus daoine a chumhachtú chun dul isteach i margadh an tsaothair nó filleadh air agus trí dhaoine a ullmhú don fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

---

[7] *Recommendation of the Committee of Ministers to Member States on the role of culture, cultural heritage and landscape in helping to address global challenges* [Moladh ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit maidir le ról an chultúir, na hoidhreachta cultúrtha agus an tírdhreacha chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda] https://search.coe.int/cm?i=0900001680a67952

12. An tábhacht a bhaineann le cur chuige iomlánaíoch i leith an chultúir agus na rannpháirtíochta cultúrtha, darb aidhm gné na rannpháirtíochta sibhialta a chuimsiú sna coincheapa sin. Tá sé sin ríthábhachtach chun cuspóirí sóisialta a bhaint amach, cuir i gcás an comhtháthú sóisialta agus an daonlathas a neartú;

13. D'fhéadfadh constaicí éagsúla bac a chur ar an rochtain sin ar chultúr, lena n-áirítear srianta fisiciúla agus srianta pearsanta airgeadais; constaicí síceolaíocha; bacainní céadfacha, cognaíocha agus cultúrtha; gach cineál steiréitíopa agus idirdhealaithe, lena n-áirítear ar bhonn inscne; constaicí teicneolaíocha; easpa inrochtaineachta i ndáil le timpeallachtaí tógtha agus fíorúla, faisnéis, cumarsáid, táirgí agus seirbhísí; chomh maith le heaspa ama agus spéise;

14. Tá baint mhór ag an rochtain sin ar chultúr le leibhéil oideachais, deiseanna airgeadais, cuimsiú, inrochtaineacht, imthosca geografacha agus dálaí sláinte, agus is gá aird a thabhairt chun na constaicí sin a shárú agus neamhionannais shóisialta a laghdú;

15. An tábhacht a bhaineann le gníomhaíochtaí cultúrtha bunaithe ar riachtanais agus leasanna pobal réigiúnach agus áitiúil;

16. Trí theicneolaíochtaí cuimsitheacha agus inrochtana a fhorbairt – agus an cur chuige 'Dearadh do Chách' á chur i bhfeidhm ag an am céanna – tá ról ríthábhachtach ag sealbhú scileanna digiteacha agus litearthachta meán cumarsáide agus digitiú na hoidhreachta cultúrtha maidir le luachanna cultúrtha a chosaint agus a chaomhnú agus maidir le rochtain nuálach, thapa, inacmhainne agus saor ó bhacainní a thabhairt orthu; ina theannta sin, spreagann an méid sin daoine le bheith cruthaitheach agus nuálach (trí na meáin shóisialta, mar shampla).

DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI:

17. An tacaíocht don rannpháirtíocht chultúrtha, don fhoghlaim agus don tsoghluaisteacht trí ghníomhaíochtaí éagsúla i gcláir Eoraip na Cruthaitheachta, Erasmus+ agus an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh;

18. Tionscnamh an Mhoil Oidhreachta Eorpaigh, darb aidhm rannpháirtíocht na saoránach san oidhreacht chultúrtha a neartú;

19. An nuashonrú a rinne Eurostat le déanaí ar a staidreamh cultúir maidir le rannpháirtíocht chultúrtha;

20. Gan teacht roimh an bplé tar éis 2030, an feachtas idirnáisiúnta #culture2030goal, darb aidhm sprioc shonrach chultúir a chomhtháthú sna spriocanna forbartha inbhuanaithe sa chlár oibre a bheidh ann tar éis 2030;

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

21. Rochtain shaor chomhionann ar chultúr a chosaint agus a chur chun cinn ar gach leibhéal agus gan cur isteach ná bac nach bhfuil údar leis – agus urraim á tabhairt don éagsúlacht chultúir, don ilteangachas agus do chearta maoine intleachtúla ag an am céanna, trí chláir agus tionscnaimh mhalartaithe agus soghluaisteachta, mar shampla – chun an litearthacht sna meáin a mhéadú agus na naisc idir an cultúr, an nuálaíocht agus an inbhuanaitheacht a threisiú;

22. Leanúint de dheiseanna a thabhairt a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí cultúrtha, lena n-áirítear trí mhodhanna digiteacha, lena leathnaítear an teacht atá ag pobail nua meáin ar an gcultúr, lena n-áirítear daoine óga agus, sa chiall is leithne, daoine a bhfuil bacainní orthu maidir le rochtain a fháil ar chultúr, agus cuimsiú agus muintearas sa tsochaí a chothú ar an gcaoi sin;

23. An t-idirphlé a choinneáil ar bun le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta maidir leis an tábhacht a bhaineann le forbairt agus for-rochtain an phobail méain, uaireanta oscailte cuí agus tomhaiste d'institiúidí cultúrtha agus dátaí imeachtaí cultúrtha a chuireann riachtanais an phobail meáin san áireamh;

24. Féachaint an bhféadfaí gníomhaíochtaí cultúrtha agus an oidhreacht chultúrtha a chuimsiú i gcur i gcrích agus i gcur chun feidhme clár oibre beartais eile, mar shampla i réimsí na forbartha réigiúnaí agus áitiúla, na nuálaíochta, na hathghiniúna uirbí, na lánpháirtíochta pobail, na sláinte, na dea-bhaile agus an chúraim shóisialta, i measc cineálacha eile cur chuige trí leas a bhaint as acmhainneacht an chultúir i ndáil leis an meabhairshláinte, agus trí thionscadail um oideasú cultúir a chur chun cinn, mar shampla;

25. Féachaint ar chomhoibriú le hearnálacha eile chun gnéithe den rannpháirtíocht chultúrtha a chomhtháthú ina gcinnteoireacht pholaitiúil, ina gceapadh straitéisí agus ina scéimeanna cistiúcháin nach gcuimsítear sa bheartas cultúir, agus féachaint ar bhearta a fhorbairt lena ndírítear ar rannpháirtíocht fhóinteach chomhionann na ndaoine uile a bhfuil bacainní orthu maidir le rochtain a fháil ar chultúr;

26. Féachaint ar bhearta iomchuí a dhéanamh i réimse an chultúir chun deireadh a chur le hinrochtaineacht neamhionann an chultúir, láithreán cultúrtha agus séadchomharthaí, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu, trí idirghabhálaithe cultúrtha, mar shampla;

27. Féachaint ar thacú le hinstitiúidí cultúir a chuireann deiseanna fostaíochta ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear ealaíontóirí, agus féachaint ar a n-infheictheacht a chur chun cinn chun an bhearna fostaíochta idir daoine atá faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil faoi mhíchumas a laghdú;

28. Lánpháirtiú sóisialta na ndaoine uile a bhfuil bacainní rompu maidir le rochtain a fháil ar an gcultúr a chur chun cinn trí fhéachaint ar chreataí beartais agus straitéisí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a fhorbairt agus na dálaí is gá a chruthú trí bhearta agus dreasachtaí lena gcuirfear deireadh le bacainní riaracháin, airgeadais, teanga, socheacnamaíocha agus bacainní eile ar rannpháirtíocht;

29. Féachaint, i gcás inarb ábhartha, ar fhorbairt a dhéanamh ar straitéisí rochtana eolasacha, dea-phleanáilte ar láithreáin oidhreachta chultúrtha agus ar shéadchomharthaí, lena n-áirítear réitigh bainistíochta lena mbaintear an chothromaíocht amach idir inrochtaineacht fheabhsaithe do gach cuairteoir agus urraim á tabhairt do charachtar, sláine agus barántúlacht uathúil na hoidhreachta cultúrtha a bhaineann leis an áit.

30. Féachaint ar thacaíocht agus spreagadh a thabhairt d'eagraíochtaí áitiúla cultúrtha an phobail in áiteanna iargúlta, beaga agus/nó atá i mbaol an dídhaonraithe d'fhonn cláir chultúrtha chuimsitheacha ón mbun aníos, tionscnaimh chultúrtha áitiúla agus struchtúir chomhoibritheacha a chur chun cinn;

31. Féachaint ar na bealaí is féidir feasacht a mhúscailt i dtaobh na ndúshlán atá roimh dhaoine aonair maidir le rochtain a fháil ar chultúr;

32. Féachaint, i gcás inarb iomchuí, ar thacaíocht a thabhairt don oideachas foirmiúil, neamhfhoirmiúil agus seachfhoirmiúil a chuireann rannpháirtíocht leis an gcultúr chun cinn. Tá mar aidhm spéis sa chultúr agus i mbuanna a chothú, fiosracht na ndaoine óga i leith an chultúir a chothú agus feabhas a chur ar a gcuid scileanna fiontraíochta le gur féidir na scileanna cruthaitheacha is gá a fhorbairt chun todhchaí níos fearr a fhíorú;

33. Forbairt na gcomhpháirtíochtaí inbhuanaithe idir scoileanna, ealaíontóirí agus eagraíochtaí cultúrtha a éascú agus a spreagadh agus a áirithiú ag an am céanna go mbeidh na gníomhaíochtaí sin cuimsitheach agus inrochtana do gach leanbh scoile, gach mac léinn agus gach duine óg ar lú a líon deiseanna, go háirithe iad siúd atá faoi mhíchumas; agus tacú leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus le rochtain ar an oideachas ealaíonta foirmiúil agus neamhfhoirmiúil agus ar na cleachtais chultúrtha;

34. Féachaint ar fhormáidí nuálacha a chruthú a mbeadh rochtain éasca orthu agus a bheadh saincheaptha do dhaoine óga chun an rannpháirtíocht a dhéanfaidh siad sa saol cultúrtha a chur chun cinn;

35. I gcás inarb ábhartha, féachaint ar athbhreithniú a dhéanamh ar a mbeartais cultúir agus ar a socruithe cistiúcháin chun an tacaíocht i leith raon éagsúil eagraíochta cultúrtha cuimsitheacha agus rannpháirtíochta a spreagadh, lena n-áirítear cumainn an phobail, agus aird chuí á tabhairt ar an tsaoirse ealaíne;

36. Gach iarracht a dhéanamh na bacainní airgeadais a chuireann as don rannpháirtíocht agus don obair i réimse an chultúir a mhaolú trí dhreasachtaí a chur chun cinn lena áirithiú go mbeidh rochtain ag cách ar chultúr chomh maith le dálaí oibre a fhreagraíonn do na riachtanais shonracha a bhíonn ag gairmithe agus ag ealaíontóirí cultúrtha a chruthú[8];

[8] Creat an Aontais do staid shóisialta agus ghairmiúil ealaíontóirí agus oibrithe sna hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheachta https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2023-0405_GA.html

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, AGUS URRAIM Á TABHAIRT DO PHRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, INA RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH AGUS AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

37. Féachaint ar na pleananna i ndáil le cearta cultúrtha a fhorbairt mar uirlis chun na gníomhaíochta atá beartaithe i réimse na gceart cultúrtha a leagan amach, ar anailís ar na cásanna reatha a chomhtháthú, ar na cuspóirí sonracha atá le baint amach a shainaithint, agus ar bhearta nithiúla lena gcur chun feidhme.

38. Leanúint de chomhar agus de chomhpháirtíochtaí trasearnála, fadtéarmacha a chur chun cinn idir na gníomhaithe sna hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta agus, mar shampla, institiúidí oideachais, sóisialta, sláinte agus ceartais chomh maith le heagraíochtaí na sochaí sibhialta ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta;

39. Leanúint d'fhorbairt bhreise a dhéanamh ar chumais dhigiteacha na n-eagraíochtaí agus na ngairmithe san earnáil cultúir agus cruthaitheachta agus í a chur chun cinn, agus, ag an am céanna, féinléiriú agus an dea-bhail dhigiteach a chur chun cinn agus an bhearna dhigiteach a chosc.

40. Idirphlé rialta a choinneáil ar bun leis na heagraíochtaí cultúrtha - lena n-áirítear na heagraíochta a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas, ar an tsochaí shibhialta agus ar an bpobal i gcoitinne - idirphlé maidir le rochtain chomhionann ar chultúr, ag díriú go háirithe ar an digitiú agus ar urraim a thabhairt don éagsúlacht chultúrtha agus teanga chomh maith le seirbhísí atá ann cheana a oiriúnú agus seirbhísí nua a fhorbairt le haghaidh cineálacha éagsúla míchumais agus lagaithe;

41. Taighde a spreagadh atá dírithe ar mheasúnú sonraíbhunaithe agus fianaisebhunaithe imdhealaithe ar riachtanais chultúrtha agus ar nósanna cultúrtha na ndaoine a bhfuil bacainní rompu maidir le rochtain ar chultúr; oiliúint bhreise a chur ar fáil do ghairmithe cultúrtha a oibríonn i réimsí gaolmhara;

42. Féachaint ar scrúdú breise a dhéanamh ar na tosca a chuireann bac ar rochtain ar chultúr, agus aird á tabhairt ar na ceantair thuaithe agus iargúlta agus/nó orthu siúd atá i mbaol an dídhaonraithe, fadhbanna sóisialta agus eacnamaíocha, míchumais, dálaí sláinte, cailleadh saoirse, inscne, aois agus cúlra oideachais. D'fhéadfaí a áireamh leis sin scrúdú a dhéanamh ar leibhéil agus réimsí éagsúla rochtana, ar bhacainní struchtúracha chomh maith le bacainní fisiciúla, teanga agus síceolaíocha;

43. Féachaint, i gcomhar le Grúpa Saineolaithe Eurostat maidir le Staidreamh Cultúrtha, ar fheabhas a chur ar thomhas reatha na rannpháirtíochta cultúrtha. Is é an aidhm atá ann staidreamh níos spriocdhírithe a chur ar fáil níos minice ar an gcultúr, agus anailís a dhéanamh ar an ngaol idir an cultúr agus na saincheisteanna a bhaineann leis an tsláinte, saincheisteanna sóisialta agus airgeadais, agus aird ar leith á tabhairt ar neamhionannais shocheacnamaíocha;

44. Bearta breise a dhéanamh chun oidhreacht chultúrtha na mBallstát a chur chun cinn agus í a chur ar fáil ar Europeana trí na comhbhailitheoirí náisiúnta; leanúint de spás coiteann sonraí Eorpach don oidhreacht chultúrtha a fhorbairt chun comhroinnt sonraí oidhreachta thar theorainneacha náisiúnta a chumasú agus, ar an gcaoi sin, rochtain níos leithe ar oidhreacht na hEorpa agus athúsáid na hoidhreachta sin a éascú;

45. Féachaint ar rannpháirtíocht chultúrtha agus bonneagar cultúrtha níos fearr mar sprioc sna heagráin de na Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta a nuashonrófar amach anseo.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

46. Líonrú a mholadh i gcás na ngairmithe a eagraíonn imeachtaí agus gníomhaíochtaí cultúrtha do dhaoine a bhfuil bacainní rompu maidir le rochtain ar chultúr. I ndáil leis an méid sin, ní mór aird ar leith a thabhairt ar dhaonra na limistéar fo-uirbeach, iarthionsclaíoch, tuaithe agus imeallach, ar na réigiún is forimeallaí agus ar na ceantair sin atá i mbaol an dídhaonraithe nó an eisiata shóisialta;

47. Leas a bhaint as na deiseanna atá ann cheana chun dea-chleachtais na mBallstát maidir le rochtain ar chultúr a éascú do dhaoine a bhfuil bacainní rompu a bhailiú, a eagrú agus thaispeáint;

48. Leanúint de thús áite a thabhairt don rannpháirtíocht chultúrtha agus do rochtain ar chultúr a éascú san obair a dhéanann sí faoi láthair agus san obair a dhéanfaidh sí amach anseo, cuir i gcás tríd an gclár Eoraip na Cruthaitheachta (2021–2027) atá ar siúl faoi láthair;

49. Féachaint an bhféadfaí gnéithe cultúrtha sa ghníomhaíocht faireacháin a dhéanann AccessibleEU[9] sna Ballstáit a chur san áireamh, agus aird ar leith á tabhairt ar an inrochtaineacht ar an gcultúr;

50. Taighde ar éagsúlacht shóisialta earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta san Aontas agus a thionchar ar rannpháirtíocht chultúrtha a spreagadh;

51. Féachaint an bhféadfaí suirbhé Eorabharaiméadair a dhéanamh ina ndéanfaí measúnú ar dhearcthaí agus ar thuairimí daoine san Aontas Eorpach maidir le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus rochtain ar chultúr – agus béim ar leith á leagan ar ghníomhaíochtaí cultúrtha foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, agus ar neamhúsáideoirí – agus ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an gcultúr maidir le cáilíocht saoil daoine a fheabhsú.

52. Féachaint an bhféadfaí rochtain lascainithe ar institiúidí cultúrtha agus ar ábhar cultúrtha san Aontas a nascadh leis an gcárta mic léinn Eorpach.

---

[9] https://accessible-eu-centre.ec.europa.eu/index_en#:~:text=About%20AccessibleEU,-AccessibleEU%20is%20one&text=It%20is%20a%20resource%20Centre,on%20equal%20basis%20with%20others.

**SAINMHÍNITHE:**

Chun críocha na gconclúidí seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

– Ciallaíonn '*rochtain ar chultúr*' cumas gach duine páirt iomlán a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus in eispéiris chultúrtha, beag beann ar chúlra, ar chumas nó ar chúinsí.

– Áirítear leis an 'rannpháirtíocht chultúrtha' gníomhaíochtaí cultúrtha éagsúla, idir gníomhaíochtaí gníomhacha agus éighníomhacha, cuir i gcás dul go dtí an phictiúrlann agus go dtí an leabharlann, freastal ar léirithe bheo, cuairt a thabhairt ar láithreáin chultúrtha (séadchomharthaí stairiúla, músaeim, dánlanna nó láithreáin seandálaíochta) nó gníomhaíochtaí ealaíne a dhéanamh agus ábhar a chruthú.

– Chuthaigh an Coimisiún Eorpach an 'Gradam don Chathair is Inrochtana' (ACA) in 2011 chun na cathracha a thug tús áite don inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a aithint. Bronntar duais airgid ar na cathracha a úsáideann cur chuige iomlánaíoch chun aghaidh a thabhairt ar inrochtaineacht. Is iad seo a leanas príomhréimsí na dámhachtana: (1) an timpeallacht thógtha agus spásanna poiblí, (2) an t-iompar agus bonneagar gaolmhar (3) faisnéis agus cumarsáid, lena n-áirítear teicneolaíochtaí nua, agus (4) saoráidí agus seirbhísí poiblí.

– Coincheap atá ag teacht chun cinn is é an 'geilleagar cruthaitheach' (ar a dtugtar an 'geilleagar flannbhuí' freisin) atá bunaithe ar rannchuidiú agus ar acmhainneacht sócmhainní cruthaitheacha chun cur leis an bhfás agus an fhorbairt eacnamaíoch. Cuimsíonn sé gnéithe eacnamaíocha, cultúrtha agus sóisialta a idirghníomhaíonn le cuspóirí teicneolaíochta, maoine intleachtúla agus turasóireachta.

– Tagraíonn ‘oideas cultúrtha’ nó ‘oideas sóisialta cultúrbhunaithe’ don chleachtas ina molann gairmithe cúraim sláinte gníomhaíochtaí cultúrtha, cuir i gcás cuairteanna ar mhúsaeim, ar amharclanna, ranganna damhsa nó tionscadail ealaíne pobail chun sláinte meabhrach agus sláinte coirp na n-othar a fheabhsú. Is é is aidhm don chur chuige sin strus a laghdú, naisc shóisialta a neartú agus dea-bhail fhoriomlán a fheabhsú.

– Fealsúnacht dearaidh is é an cur chuige ‘Dearadh do Chách’ darb aidhm táirgí, seirbhísí agus timpeallachtaí a bheidh inrochtana agus inúsáidte ag an oiread daoine agus is féidir a chruthú.

– Is gairmithe iad ‘idirghabhálaithe cultúrtha’ a éascaíonn rochtain ar shaothair agus ar léiriúcháin chultúrtha ar bhealach neamhfhoirmiúil agus aonair do líon níos mó daoine. Áirítear leis sin deireadh a chur le bacainní a d’fhéadfadh a bheith ann agus an idirghabháil a chur in oiriúint do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta eile acu. Is ionann idirghabháil chultúrtha agus an próiseas chun cabhrú le daoine tuiscint iomlán a fháil ar na healaíona tríd an rannpháirtíocht.

– Is creat é an ‘plean um chearta cultúrtha’ atá ceaptha chun gníomhaíochtaí a chur chun feidhme i réimse na gceart cultúrtha. Leagtar amach ann na tionscnaimh atá le déanamh, ionchorpraítear ann measúnú ar an staid reatha, sainaithnítear cuspóirí sonracha atá le baint amach, agus sonraítear na bearta sonracha is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar na cuspóirí sin.

– Oibríonn ‘comhbhailitheoirí’ le hinstitiúidí oidhreachta cultúrtha chun a gcuid sonraí a chur ar fáil trí Europeana agus trí ardáin dhigiteacha eile sna Ballstáit chun a gcuid sonraí a chomhroinnt tríd an spás sonraí don oidhreacht chultúrtha (https://pro.europeana.eu/page/aggregators)

**TAGAIRTÍ:**


*Conarthaí an Aontais Eorpaigh*

– Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (2012/C 326/02).

*Comhairle an Aontais Eorpaigh*

– Conclúidí ón gComhairle maidir le rochtain ar chultúr trí mheáin dhigiteacha a chur chun cinn agus béim ar leith ar fhorbairt an phobail meáin (2017/C 425/03).

– Conclúidí ón gComhairle maidir le téarnamh, athléimneacht agus inbhuanaitheacht na n-earnálacha cultúir agus cruthaitheachta (2021/C 209/03).

– Conclúidí ón gComhairle maidir le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a chumhachtú trí phobal meáin sonraíbhunaithe a fhorbairt (C/2024/3542).

– Conclúidí ón gComhairle i ndáil leis an oidhreacht chultúrtha mar acmhainn straitéiseach d'Eoraip inbhuanaithe (2014/C 183/08).

– Conclúidí ón gComhairle maidir le rialachas rannpháirteach na hoidhreachta cultúrtha (2014/C 463/01).

– Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lgh. 1-118).

– Treoir ón gComhairle an 6 Samhain 2018 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rátaí cánach breisluacha a chuirtear i bhfeidhm maidir le leabhair, le nuachtáin agus le tréimhseacháin (IO L 286, 14.11.2018, lch. 20).

– Rún ón gComhairle maidir le Plean Oibre an Aontais don Chultúr 2023-2026 (2022/C 466/01).

– Rún ón gComhairle an 6 Bealtaine 2003 maidir le hinrochtaineacht bonneagair chultúrtha agus gníomhaíochtaí cultúrtha do dhaoine faoi mhíchumas (2003/C 134/05).

– Tuarascáil ó ghrúpa saineolaithe an mhodha oscailte comhordúcháin (MOC): *From social inclusion to social cohesion – The role of culture policy* [Ó chuimsiú sóisialta go comhtháthú sóisialta – Ról an bheartais cultúir], 2019.

*An Coimisiún Eorpach*

- Ardán Sochaí Sibhialta – Treoirlínte Beartais maidir le Rochtain ar Chultúr.
- Moladh ón gCoimisiún maidir le spás coiteann sonraí Eorpach don oidhreacht chultúrtha (C(2021) 7953 final).
- Moladh ón gCoimisiún maidir le digitiú agus inrochtaineacht ar líne ábhair chultúrtha agus maidir leis an gcaomhnú digiteach (2011/711/AE).
- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste Eorpach na Réigiún dar teideal *A New European Agenda for Culture* [An Clár Oibre Eorpach Nua le haghaidh an Chultúir] (COM(2018) 267 final).
- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste Eorpach na Réigiún dar teideal *Union of Equality: Strategy for the Rights of Persons with Disabilities* [Aontas an Chomhionannais: Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030] (COM(2021) 101 final).
- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste Eorpach na Réigiún dar teideal *Strengthening European Identity through Education and Culture* [An fhéiniúlacht Eorpach a neartú trí oideachas agus cultúr] (COM(2017) 673 final).
- Staidreamh cultúrtha Eurostat

- Tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach: *Culture and Democracy, the evidence. How citizens' participation in cultural activities enhances civic engagement, democracy and social cohesion: lessons from international research* [An Cultúr agus an Daonlathas, an fhianaise: mar a chuireann rannpháirtíocht na saoránach i ngníomhaíochtaí cultúrtha leis an rannpháirtíocht shibhialta, leis an daonlathas agus leis an gcomhtháthú sóisialta: ceachtanna ó thaighde idirnáisiúnta], 2023.

- Creat Gníomhaíochta Eorpach um an Oidhreacht Chultúrtha, doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin, 2019.

- *Report on policies and good practices in the public arts and in cultural institutions to promote better access to and wider participation in culture* [Tuarascáil ar bheartais agus ar dhea-chleachtais sna healaíona poiblí agus in institiúidí cultúrtha chun rochtain níos fearr ar an gcultúr agus rannpháirtíocht níos leithne sa chultúr a chur chun cinn], 2012.

- *Study on audience development – How to place audiences at the centre of cultural organisations* [Staidéar ar fhorbairt an phobail meáin – Conas an pobal meáin a chur i gcroílár na n-eagraíochtaí cultúrtha], 2017.

- Tuarascáil tobsmaointeoireachta ón idirphlé Voices of Culture: *Social inclusion: partnering with other sectors* [Cuimsiú sóisialta: ag dul i gcomhpháirtíocht le hearnálacha eile], Deireadh Fómhair 2018.

- Tuarascáil ón idirphlé Voices of Culture: *The role of culture in non-urban areas of the European Union* [Ról an chultúir i limistéir neamhuirbeacha an Aontais Eorpaigh], 2020.

- Ceardlann do Shaineolaithe Bhallstáit an Aontais maidir leis an gCultúr don Chomhtháthú Sóisialta, 2020.

- Tuarascáil ón idirphlé Voices of Culture: *Youth, Mental health and Culture* [An Óige, an Mheabhairshláinte agus an Cultúr], 2023.

*Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle*

– Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht shuíomhanna gréasáin agus fheidhmchlár móibíleach chomhlachtaí na hearnála poiblí (IO L 327, 2.12.2016, lch. 1).

– Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70).

– Treoir (AE) 2017/1564 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2017 maidir le húsáidí ceadaithe áirithe saothar áirithe agus ábhar eile atá cosanta le cóipcheart agus le cearta gaolmhara chun leasa daoine dalla, daoine lagamhairc nó daoine atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar bhealach eile agus lena leasaítear Treoir 2001/29/CE maidir le comhchuibhiú gnéithe áirithe den chóipcheart agus cearta gaolmhara sa tsochaí faisnéise (*IO L 242, 20.9.2017, lch. 6-13*)

– Rialachán (AE) 2017/1563 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2017 maidir leis an malartú trasteorann idir an tAontas agus tríú tíortha de chóipeanna i bhformáid inrochtana de shaothair áirithe agus ábhar eile atá cosanta le cóipcheart agus le cearta gaolmhara chun leasa daoine dalla, daoine lagamhairc nó daoine atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar aon bhealach eile (*IO L 242, 20.9.2017, lch. 1-5*)

– Treoir (AE) 2019/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach agus lena leasaítear Treoracha 96/9/CE agus 2001/29/CE (IO L 130, 17.5.2019, lgh. 92-125)

*Parlaimint na hEorpa*

– Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Nollaig 2022 i dtreo cearta comhionanna do dhaoine faoi mhíchumais (2022/2026(INI)).

– Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Meitheamh 2018 maidir le bacainní struchtúracha agus airgeadais ar rochtain ar chultúr (2017/2255(INI)).

– Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Márta 2022 ar ról an chultúir, an oideachais, na meán agus an spóirt sa chomhrac i gcoinne an chiníochais (2021/2057(INI)).

– Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Nollaig 2022 maidir le cur chun feidhme an Chláir Oibre Eorpaigh Nua le haghaidh an Chultúir agus Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Caidreamh Cultúrtha Idirnáisiúnta (2022/2047(INI)).

– Grinnanailís arna déanamh ag Parlaimint na hEorpa: *Access to Culture in the European Union* [Rochtain ar Chultúr san Aontas Eorpach], Iúil 2017.

– *Report on structural and financial barriers in the access to culture* [Tuarascáil maidir le bacainní struchtúracha agus airgeadais ar rochtain ar chultúr] (2017/2255(INI)).

*Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa*

– Tuairim maidir le ‘An méid a rannchuidíonn ceantair thuaithe na hEorpa le Bliain na hOidhreachta Cultúrtha 2018 ag áirithiú na hinbhuanaitheachta agus an chomhtháthaithe uirbigh/tuaithe’ (CESE 2018/01641).

– Tuairim maidir le ‘Comhionannas deiseanna agus cuimsiú sóisialta a áirithiú maidir le rochtain ar an gcultúr agus ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus ról na n-institiúidí cultúrtha poiblí sa phróiseas sin’ (SOC/809-EESC-2024)

*Coiste Eorpach na Réigiún*

– Tuairim maidir le 'Beartais cultúir a chur chun cinn sna ceantair thuaithe mar chuid de straitéisí um fhorbairt agus um chomhtháthú críochach agus mar chuid de Chlár Oibre 2030' (C/2024/1040)

*Na Náisiúin Aontaithe*

– Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas, arna ghlacadh in 2006.

– An Cúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha, 1966.

– An Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, 1966.

– An Coinbhinsiún um Chearta an Linbh, 1989.

– Tuarascáil 2023 ón UNCTAD maidir le Trádáil agus Forbairt: https://unctad.org/publication/trade-and-development-report-2023

– Comhshocrú don Todhchaí de chuid na Náisiún Aontaithe, 2024.

*UNESCO*

– Comhdháil UNESCO ar Bheartais Cultúir agus ar Fhorbairt Inbhuanaithe – MONDIACULT 2022: https://www.unesco.org/en/articles/unesco-world-conference-cultural-policies-and-sustainable-development-mondiacult-2022

– Coinbhinsiún UNESCO 2005 ar Éagsúlacht Léirithe Cultúir a Chosaint agus a Chur Chun Cinn.

– Creat UNESCO maidir le hOideachas Cultúir agus Ealaíon. 2024.

*Doiciméid eile*

– Dearbhú Cáceres ó Airí Cultúir an Aontais, an 25-26 Meán Fómhair 2023, faoi Uachtaránacht na Spáinne ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

– Gréasáin CSE-Cultúr (Gréasáin an Chórais Staidrimh Eorpaigh ar Chultúr), 2012: https://ec.europa.eu/assets/eac/culture/library/reports/ess-net-report_en.pdf

– Bailiú sonraí staidreamh an Aontais Eorpaigh ar ioncam agus dálaí maireachtála (SIDM-AE) https://ec.europa.eu/eurostat/web/income-and-living-conditions/information-data

– Cairt Porto Santo, an 25 Aibreán 2021: https://portosantocharter.eu/the-charter

– *Recommendation of the Committee of Ministers of the Council of Europe on the role of culture, cultural heritage and landscape in helping to address global challenges* [Moladh ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa maidir le ról an chultúir, na hoidhreachta cultúrtha agus an tírdhreacha chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda] (CM/Rec (2022) 15).

– *Culture's contribution to health and well-being*, tuarascáil CultureForHealth, 2023.

– *Arts and Health supporting the mental well-being of forcibly displaced people*, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus CultureForHealth, 2022.